parlamentarium

Le Centre des visiteurs du Parlement européen
Das Besucherzentrum des Europäischen Parlaments
Het bezoekerscentrum van het Europees Parlement
The European Parliament's Visitors' Centre

# TREOIR GHAIRID MAIDIR LEIS AN GCLUICHE RÓLGHNÍOMHAÍOCHTA

## 1 GRÚPAÍ POLAITIÚLA

Ar theacht dóibh, beidh na himreoirí roinnte suas i gceithre ghrúpa pholaitiúla. Tá ceithre ghrúpa shamhailteacha sa chluiche:

### AN GRÚPA DLÚTHPHÁIRTÍOCHTA EORPACH

**Príomhbheartas:** Is é leas an stáit príomhchuspóir an ghrúpa. Tá sé i bhfabhar an stát a bheith ag feidhmiú mar sholáthróir seirbhísí poiblí agus maoinithe.

### AN GRÚPA ÉICEOLAÍOCHTA EORPACH

**Príomhbheartas:** Is é príomhchuspóir an ghrúpa seo an comhshaol a chosaint mar aon leceartais shóisialta agus an tsaoirse a chomhrac.

### AN GRÚPA SAOIRSE EORPACH

**Príomhbheartas:** Creideann an grúpa Saoirse i bhfreagracht indibhidiúil agus i sásra margaidh. Tá an grúpa i bhfách le saorfhiontraíocht agus le comórtas agus tá sé i gcoinne idirghabháil an stáit.

### AN GRÚPA TRAIDISIÚIN EORPACH

**Príomhbheartas:** Creideann sé i sochaí ina mbeadh comhbhéim ar idirghabháil an stáit agus ar thionscnamh príobháideach mar aon le cuspóirí réadúla reachtaíochta agus cur chun feidhme solúbtha.

2

## NA CÁSANNA

Nuair a bheidh na grúpa polaitiúla seo curtha le chéile, iarrfar ar gach ceann dhá grúpa eile ar leith a dhéanamh, chun coistí a bhunú. Tabharfar cás samhailteach ansin do gach coiste chun scrúdú a dhéanamh air.



## CÁS 1
### AN COISTE UM AN GCOMHSHAOL AN TREOIR UM DHLÚTHPHÁIRTÍOCHT MAIDIR LEIS AN UISCE

Mar gheall ar an athrú aeráide tá an Eoraip ag fulaingt de bharr éagothromaíochta sa soláthar uisce. Tá cinneadh déanta ag na Ballstáit a n-acmhainní a chur le chéile agus píblíne uisce a dhéanamh trasna an AE. Cé go bhfuil tús curtha leis an tógáil, léiríonn an taighde is deireanaí go mbeidh easnamh 30% fós sa soláthar uisce. Molann an Coimisiún an plean gníomhaíochta seo maidir le bainistiú uisce, an Treoir um Dhlúthpháirtíocht maidir le hUisce.



## CÁS 2
### AN TREOIR MAIDIR LE SAOIRSÍ SIBHIALTA AN TREOIR MAIDIR LE CÉANNACHT PHEARSANTA.

Tá micrishliseanna ionphlandaithe á úsáid cheana féin san Eoraip, chun críocha sláinte, céannachta agus slándála. Creideann daoine áirithe go bhfuil a lán buntáistí ag an teicneolaíocht céannachta seo, ach creideann daoine eile go bhfuil sé go hiomlán do-ghlactha.

Measann an Coimisiún Eorpach gur cheart úsáid sliseanna ionphlandaithe a rialáil chun cearta bunúsacha an duine a dhaingniú agus an mhí-úsáid a d’fhéadfaí a bhaint astu a shrianadh - an Treoir maidir le Céannacht Phearsanta.

Parlaimint na hEorpa